
# Coláiste Mhuire gan Smál
# Treoirlínte Athbhreithnithe Cáilíochta Acadúla

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Imlíníonn an tsreabhchairt seo na trí chéim i bPróiseas Athbhreithnithe Cáilíochta na Roinne Acadúla. Tabharfaidh hipearnasc treoir duit chuig na doiciméid ábhartha do gach céim.



# Próiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht do Ranna Acadúla

Athbhreithniú 2.4

Meán Fómhair 2022

# Clár

1 Cáilíocht ag Coláiste Mhuire gan Smál .......... 2

1.1 Céard atá i gceist againn le 'cáilíocht', 'dearbhú cáilíochta' agus 'feabhsú cáilíochta'? .......... 2

2 Próiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht Choláiste Mhuire gan Smál .......... 2

2.1 Cuspóir .......... 2

2.2 Éiteas .......... 3

2.3 Cúlra .......... 3

2.4 An cháipéis seo .......... 4

2.5 Cumarsáid, uileghabhálacht agus aiseolas .......... 4

2.6 Oibleagáidí na Roinne .......... 4

3 An Próiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht do Ranna Acadúla .......... 5

3.1 Forléargas .......... 5

4 Próiseas Deimhnithe .......... 11

5 Freagracht i leith Treoirlínte um Athbhreithniú ar Cháilíocht Acadúil *agus* leasuithe ar na treoirlínte sin .......... 11

6 Stair an Athbhreithnithe .......... 12

# 1 Cáilíocht ag Coláiste Mhuire gan Smál

## 1.1 Céard atá i gceist againn le 'cáilíocht', 'dearbhú cáilíochta' agus 'feabhsú cáilíochta'?

Is éard atá i gcáilíocht na gníomhaíochta nó an phróisis ná an 'oiriúnacht don fheidhm' a thomhas. Le 'dearbhú cáilíochta' (DC), tagraítear do na bearta a rinneadh chun monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an oiriúnacht don fheidhm maidir le gníomhaíocht áirithe ar bhealach atá bunaithe ar fhianaise, le 'feabhsú cáilíochta' (FC) (uaireanta tagraítear dó mar 'dul chun cinn cáilíochta') tagraítear do na tionscnaimh a rinneadh chun feabhas a chur ar an oiriúnacht don fheidhm maidir leis an spriocgníomhaíocht/spriocphróiseas. Tá dlúthcheangal idir DC agus FC agus is minic a úsáidtear an téarma DC chun gníomhaíocht FI a chur san áireamh. Tá na gníomhaíochtaí DC/FC i bhfeidhm ag leibhéal na hinstitiúide, na roinne, na seirbhíse agus an duine aonair (pearsanta). Baintear amach feabhsú leanúnach trí DC/FC a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

I gcomhthéacs tríú leibhéal agus i measc na ngnáthghníomhaíochtaí nó na ngnáthphróiseas, tá teagasc agus measúnú, taighde, forbairt curaclaim agus an iliomad seirbhísí tacaíochta curtha ar fáil ag Seirbhísí Gairmiúla. Ag Coláiste Mhuire gan Smál, is sampla den phróiseas acadúil DC/FC é an próiseas scrúdaithe sheachtraigh, ar a dhéanann scrúdaitheoirí seachtracha monatóireacht agus measúnú ar an gcáilíocht (oiriúnacht don fheidhm) atá ag clár nó ábhar acadúil, tuairisciú ar na torthaí chuig an gColáiste agus moltaí le haghaidh feabhais a chur san áireamh. Is sampla den phróiseas DC/FC Seirbhíse Gairmiúla é bailiú agus anailís aiseolas úsáideoirí na seirbhíse d'fhonn bealaí a aithint agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar sheirbhísí do mhic léinn agus do dhaoine eile.

Is ionann an t-athbhreithniú ar cháilíocht thréimhsiúil ar réimsí feidhmiúla (seirbhís acadúil agus ghairmiúil) laistigh den Choláiste agus bunchloch chóras institiúide DC/FC. Tá sonraí maidir leis an bpróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht do ranna acadúla ar fáil sa cháipéis seo.

# 2 Próiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht Choláiste Mhuire gan Smál

## 2.1 Cuspóir

Is éard is cuspóir leis an bpróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht ná:

- Deis struchtúrtha a chur ar fáil don roinn chun páirt a ghlacadh i bhféinmhachnamh agus measúnú atá tréimhsiúil straitéiseach agus bunaithe ar fhianaise i gcomhthéacs cháilíocht na ngníomhaíochta agus na bpróiseas, agus chun deiseanna d'fheabhas cáilíochta a aithint
- Creat a chur ar fáil ina mbeidh na nithe seo a leanas i gceist
    - go mbeidh piaraí seachtracha, ar bhealach bunaithe ar fhianaise, in ann athbhreithniú, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh go neamhspleách agus feabhsuithe ar cháilíocht ghníomhaíochtaí agus phróisis na roinne a mholadh.
    - go gcuirfear feabhsuithe cáilíochta i bhfeidhm sa roinn ar bhealach indeimhnithe
- Fianaise neamhspleách ar cháilíocht ghníomhaíochtaí na roinne a chur ar fáil do Choláiste Mhuire gan Smál, do mhic léinn agus do mhic léinn ionchais an choláiste agus do pháirtithe leasmhara eile
- A chinntiú go bhfuil measúnú déanta ar gach roinn i gColáiste Mhuire gan Smál ar bhealach córasach agus caighdeánaithe i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus chun tacú le cuspóirí pholasaí cáilíochta an Choláiste
- Dea-chleachtas idirnáisiúnta a shásamh i gcomhthéacs an dearbhaithe cáilíochta san ardoideachas agus riachtanais reachtúla DC a chomhlíonadh mar atá cumhdaithe sa dlí náisiúnta

## 2.2 Éiteas

Is éard is éiteas leis an bpróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht ná go nglacann rannpháirtithe páirt go réamhghníomhach agus meon tacúil agus fiúntach a bheith ag gach duine acu agus go dtugtar faoin bpróiseas ar bhealach atá trédhearcach ionchuimsitheach neamhspleách agus bunaithe ar fhianaise. Leis an bpróiseas, cuirtear deiseanna ar fáil chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtáil agus dea-chleachtas chomh maith le deiseanna féideartha d'fheabhsú cáilíochta a aithint. Thar aon ní eile, ní mór go mbeadh an próiseas fiúntach.

## 2.3 Cúlra

Forbraíodh próiseas um athbhreithniú ar cháilíocht Choláiste Mhuire gan Smál, atá i bhfeidhm ar ranna acadúla agus ar sheirbhísí gairmiúla araon, agus leantar le forbairt an phróisis d'fhonn polasaí cáilíochta an choláiste a shásamh agus chun riachtanais reachtaíochta DC a chomhlíonadh. Cloíonn Coláiste Mhuire gan Smál leis [an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012](), lena gcuirtear freagracht dlí ar an soláthróir agus ar an soláthróir nasctha nósanna imeachta i scríbhinn a bhunú do dhearbhú cáilíochta chun críocha cáilíocht an oideachais, na

hoiliúna, an taighde agus na seirbhísí gaolmhara a bhunú, a chinntiú, a choinneáil agus a fheabhsú (Cuid 3, Alt 28). Leis na nósanna imeachta DC seo, ní mór aird chuí a thabhairt ar na treoirlínte cáilíochta a d'eisigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus/nó eagraíochtaí réamhtheachtaí. Is é an QQI an comhlacht reachtúil atá freagrach as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta DC a ghlac institiúidí ardoideachais (agus breisoideachais) laistigh d'Éirinn agus ar chuir na hinstitiúidí sin i bhfeidhm iad.

## 2.4 An cháipéis seo

Leagtar amach sa cháipéis seo próiseas um athbhreithniú ar cháilíocht Choláiste Mhuire gan Smál i dtéarmaí ginearálta mar go mbaineann sé le ranna acadúla an Choláiste. Is í an Oifig Cáilíochta a choinníonn an cháipéis seo agus is é an Stiúrthóir Cáilíochta a cheadaíonn na mion-nuashonruithe tréimhsiúla. Ní mór don Choiste Cáilíochta na nuashonruithe, a léiríonn athruithe móra ar an bpróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht, a cheadú. Is féidir an leagan is déanaí den cháipéis seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin na hOifige Cáilíochta.

## 2.5 Cumarsáid, uileghabhálacht agus aiseolas

De réir éiteas an phróisis um athbhreithniú ar cháilíocht (cuid 2.2) agus de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta, leagtar béim sa phróiseas ar an gcumarsáid, uileghabhálacht agus aiseolas. Baintear an méid sin amach ar roinnt bealaí, agus is iad seo a leanas na bealaí is suntasaí:

- Cuireann an Oifig Cáilíochta pobal an champais ar an eolas faoi na hathbhreithnithe ar cháilíocht atá le teacht trí ríomhphost a sheoladh ag tús gach bliana acadúla. Leis an ríomhphost sin, cuirtear nasc ar fáil chuig an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí a bhí ann roimhe seo.
- Cuireann an Oifig Cáilíochta deiseanna ar fáil do phobal an champais chun cur leis an athbhreithniú tríd na nithe seo a leanas
    - Soláthar aiseolas na bpáirtithe leasmhara a éascú le bheith san áireamh sa phróiseas Féinmheasúnaithe;
    - Fáilte a chur roimh rannpháirtíocht i gcruinnithe grúpa na bpáirtithe leasmhara leis an nGrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí le linn cuairt a thabhairt ar an láthair/ar líne.

## 2.6 Oibleagáidí na Roinne

Ní mór go mbeadh an Stiúrthóir Cáilíochta sásta gur ghlac an roinn páirt go hiomlán sa phróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht, agus go ndearnadh sin ar bhealach tairbheach agus i gcomhréir le


héiteas an phróisis ar fud gach ceann de na céimeanna. Cé nach mbítear ag súil leis sin tarlú, má thagann an Stiúrthóir Cáilíochta ar thuairim bunaithe ar fhianaise a léiríonn nach bhfuil an roinn ag sásamh na n-oibleagáidí thuas, ní mór don Stiúrthóir Cáilíochta an méid sin a phlé le Déan na Dáimhe. I gcomhar le Déan na Dáimhe agus más rogha leo araon é, d'fhéadfadh na bearta seo a leanas a mheas:

- Cuireann an Stiúrthóir Cáilíochta 'nóta imní' foirmiúil ar aghaidh chuig Ceann na Roinne agus cuirtear cóip ar fáil do Dhéan na Dáimhe.
- Cuireann an Stiúrthóir Cáilíochta 'nóta imní' foirmiúil ar aghaidh chuig Ceann na Roinne agus cuirtear cóip ar fáil do Dhéan na Dáimhe, agus tugtar cuireadh do Cheann na Roinne teacht chuig an gcéad chruinniú eile de chuid an Choiste Cáilíochta chun na hábhair imní a phlé.
- Cur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla chun beart cuí a dhéanamh.

# 3 An Próiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht do Ranna Acadúla

## 3.1 Forléargas

Tá trí chéim i bPróiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht Choláiste Mhuire gan Smál, Féinmheasúnú, Athbhreithniú ar Phiaraí agus Feabhas Cáilíochta. Cuimsítear i raon an athbhreithnithe an roinn amháin atá faoi athbhreithniú agus ní bhaineann sé le ranna eile nó leis an gColáiste ina iomláine, atá faoi réir phróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht ag leibhéal institiúide timthriallaí.




*Fíor 1: Forléargas ar an bPróiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht Acadúil le hamlínte.*

| STAID 1 | CÉIM AN FHÉINMHEASÚNAITHE | FREAGRACHT |
|---|---|---|
| **-12 Mí** | Is é an Stiúrthóir Cáilíochta (SC) a chuireann tús leis an bpróiseas foirmiúil um athbhreithniú ar cháilíocht. Cuirtear cruinniú tosaigh ar bun le Ceann na Roinne chun an próiseas a phlé agus chun dátaí sealadacha a aontú do chuairt an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí ar an láthair/ar líne.<br><br>Cuireann an SC forléargas ar an bpróiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht i láthair ag cruinniú na Roinne agus leagann an SC amach na céimeanna agus na hamlínte atá i gceist. | SC |
| **-9 mí** | Cuireann an Roinn tús le céim an Fhéinmheasúnaithe ar an athbhreithniú le ceardlann lasmuigh den champas. Áirítear orthu sin<br>Comhaltaí den roinn a aithint agus a cheapadh agus a chuirfidh **Grúpa Inmheánach um Athbhreithniú ar Cháilíocht (GIAC)** ar bun. I gcás na ranna a bhfuil líon beag foirne acu, cuirfidh comhaltaí uile na roinne an GIAC ar bun. Is é an GIAC a bheidh freagrach as an Tuarascáil Féinmheasúnaithe (TF) a ullmhú.<br><br>Ní mór do cheann na roinne a bheith ina chomhalta den fhoireann, ach níl air feidhmiú ina chomhordaitheoir. Ba cheart go mbeadh an comhordaitheoir ina chomhalta sinsearach den roinn. Ba cheart go mbeadh an GIAC chomh ionadaíoch agus is féidir den phróifíl foirne sa roinn. Beidh méid gach grúpa ar cóimhéid le méid agus scála na roinne faoi athbhreithniú agus beidh an Oifig Cáilíochta ag obair i ról tacaíochta agus éascaitheach le gach roinn ag glacadh páirt san athbhreithniú.<br><br>Tá cleachtadh Féinmheasúnaithe á dhéanamh ag an GIAC agus cuireann sé Tuarascáil Féinmheasúnaithe (TF) ar fáil trí úsáid a bhaint as *próiseas Chéim an Fhéinmheasúnaithe* maidir le hAthbhreithniú ar Cháilíocht na Roinne Acadúla *(QP-001)* agus *Teimpléad na Tuarascála Féinmheasúnaithe Acadúla,* **QT-001.**<br><br>Ba cheart go mbeadh an GIAC ag feidhmiú agus ag casadh le chéile go minic, gach mí go hiondúil ag tús an phróisis ach níos minice nuair atá an tuarascáil á tabhairt chun críche. Ba cheart freagracht i leith codanna éagsúla den TF a leagan ar | SC, CR, GIAC |

| | | |
|---|---|---|
| | chomhaltaí an GIAC, más cuí. Tacóidh an Oifig Cáilíochta leis an GIAC chun an TF a fhorbairt. Is próiseas atriallach é an TF a dhréachtú agus beidh gá le hamlíne a leagan síos chun críocha dréachtaithe agus aiseolais. Déanfar sin le linn na ceardlainne lasmuigh den champas.<br><br>Ba cheart comhaltaí foirne uile na roinne a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoin bpróiseas féinmheasúnaithe agus deiseanna a thabhairt dóibh chun a gcuid tuairimí a thabhairt. | |
| **-9 mí** | Déanann an Fhoireann Feidhmiúcháin (FF) ainmnithe don ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a mheas agus ceapann an FF an grúpa de réir na dtreoirlínte roghnúcháin don Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí in **Aguisín A** den **QP-002.** Rachaidh an Oifig Cáilíochta i gcomhairle leis na hathbhreithneoirí. | FF |
| **-3 mí** | Déanann an Stiúrthóir Cáilíochta athbhreithniú ar an TF agus ar na cáipéisí tacaíochta agus téann sé i gcomhairle leis an GIAC maidir le haon phíosa breise, soiléiriú nó leasú atá molta. Is é an GIAC a shíníonn an TF deiridh.<br><br>Ní mór go mbeadh foireann uile na roinne in ann teacht ar an TF deiridh agus ar na haguisíní. Baintear sin amach tríd an ábhar a chur in áit a bhfuil an roinn amháin in ann teacht air, amhail SharePoint nó tiomántán comhroinnte.<br><br>Tá an TF faoi rún na roinne agus ní fheicfidh aon duine eile é seachas comhaltaí foirne na roinne, an déan ábhartha, an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla (LUGA), an Oifig Cáilíochta agus an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí gan cead a fháil roimh ré ó cheann na roinne. | GIAC, SC |
| **-2 mí** | Seoltar an TF chuig Déan na Dáimhe agus chuig an LUGA chun athbhreithniú a dhéanamh air sula n-eisítear chuig Cathaoirleach an Ghrúpa maidir le hAthbhreithniú ar Phiaraí é.<br><br>Roinneann an Oifig Cáilíochta an TF go sábháilte trí MS Teams le Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí agus léifidh an Cathaoirleach an TF agus cuirfidh sé aiseolas ar fáil don GIAC. | GIAC, OC |
| **-6 seachtaine** | Roinntear an TF leis an *nGrúpa iomlán Athbhreithnithe ar Phiaraí* (GAP) sé seachtaine roimh chuairt na nGrúpaí Athbhreithnithe ar Phiaraí ar an láthair/ar líne. Is é an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a dhéanann athbhreithniú ar an TF | |

| | | |
|---|---|---|
| | agus ar aguisíní an TF roimh ré. Cuirfidh an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí an Achoimre Réamh-Chuairte ar Thuarascáil na dTorthaí Tosaigh (QT-018) i gcrích agus beidh sé sin mar bhunús don mheasúnú ar fheidhmíocht na roinne a dhéanfaidh na Grúpaí Athbhreithnithe ar Phiaraí.<br>Reáchtáiltear cruinniú pleanála le Cathaoirleach an GAP chun an sceideal don chuairt ar an láthair/ar líne a phleanáil. Téann an Oifig Cáilíochta i dteagmháil le páirtithe leasmhara ag an bpointe seo agus tugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa phróiseas athbhreithnithe. Is í an Oifig Cáilíochta a dhéanann na socruithe lóistíochtúla. | |

| **STAID 2** | **CÉIM ATHBHREITHNITHE AR PHIARAÍ (Bainistíocht ar an láthair/ó chian)** | **FREAGRACHT** |
|---|---|---|
| **Athbhreithniú ar Bhainistíocht ar an Láthair/ó Chian** | Caithfidh comhaltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí trí lá ar an láthair nó déanfaidh siad an t-athbhreithniú ó chian ag brath ar chúinsí mar atá faoi láthair (e.g. Srianta Covid-19). Tá sampla de sceideal ar an láthair/ar líne ar fáil in **Aguisín B & C de CP-002.** | GAP, OC |
| **Laethanta Athbhreithnithe** | Cuireann an grúpa athbhreithnithe dréacht tosaigh den *Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí* (TAP) maidir leis na torthaí i gcrích le linn laethanta athbhreithnithe trí **úsáid a bhaint as QT-002** - *Teimpléad na Tuarascála Athbhreithnithe ar Phiaraí maidir le hAthbhreithniú ar Cháilíocht na Roinne Acadúla.* Is éard atá sa tuarascáil ná ardmholtaí agus moltaí araon (agus an bunús don méid sin). Cuirtear na torthaí in iúl ó bhéal don roinn ag deireadh na laethanta athbhreithnithe. Mar sin féin, cuirfear cóip den dréacht-tuarascáil ar fáil don Stiúrthóir Cáilíochta ar bhealach sábháilte trí MS Teams chun críocha slándáil na sonraí. Íoslódálfar an dréacht-tuarascáil agus coinneofar í go dtí go mbeidh an tuarascáil deiridh curtha i gcrích ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí agus go scriosfar í ansin. Ní féidir aon toradh nua a chur isteach nuair atá na torthaí curtha in iúl ó bhéal ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí chuig an roinn. | GAP |
| **+ 6 seachtaine** | Is iad an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a chuireann an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí (TAP) i gcrích. Seoltar an tuarascáil sin chuig an Oifig Cáilíochta a chuireann í ar | GAP, OC, GIAC |

| | | |
|---|---|---|
| | aghaidh ansin chuig an GIAC chun seiceáil an bhfuil earráidí fíorasacha inti. Chomh luath agus atá sé sin déanta, tugtar an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí chun críche. | |

| STAID 3 | CÉIM UM FHEABHSÚ CÁILÍOCHTA | Freagracht |
|---|---|---|
| **+2 mí** | Ullmhaíonn an roinn *Plean Feabhsaithe Cáilíochta* (PFC) trí úsáid a bhaint as *Teimpléad do Phlean Feabhsaithe Cáilíochta maidir le hAthbhreithniú ar Cháilíocht na Roinne Acadúla*, **QT-003.** Is féidir teacht ar shonraí iomlána maidir le céim um fheabhsú cáilíochta in **CP_003.** | CR, OC, Déan, Lucht Ardbhainistíochta. |
| **+3 mí** | Cuirtear an PFC faoi bhráid na Foirne Feidhmiúcháin chun é a athbhreithniú agus a cheadú. | OC, FF |
| **+4 mí** | Cuirtear an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí (TAP) agus an Plean Feabhsaithe Cáilíochta (PFC) faoi bhráid an Choiste Cáilíochta chun tuairimí a thabhairt agus trácht a thabhairt orthu. Iarrtar cead ón Údarás Rialaithe chun an TAP a chur ar fáil don phobal. Chomh luath agus atá an chead sin faighte, cuirtear an TAP ar fáil don phobal trí láithreán gréasáin Oifig Cáilíochta Choláiste Mhuire gan Smál. | Rialú Cáilíochta (RC), UR, OC |
| **+6 mí** | Aistrítear na míreanna gnímh PFC chuig Bunachar Sonraí Rianaire PFC maidir le hAthbhreithniú ar Cháilíocht. Rachaidh an Oifig Cáilíochta i gcomhairle le Ceann na Roinne (CR) agus le ceannasaithe ábhartha/ lucht ardbhainistíochta ar bhonn seimeastair chun stádas na míreanna gnímh a uasdátú. | OC, CR |
| **+6 – 18 mí** | Ullmhaítear san Oifig Cáilíochta i gcomhar le ceann na roinne (CR) Tuarascáil Eatramhach ar Dhul Chun Cinn PRC (leathbhliantúil) (QT-019) agus cuirtear iad sin faoi bhráid an Choiste Cáilíochta chun tuairimí a thabhairt agus trácht a thabhairt orthu. | OC, CR, An RC |
| **+18 mí** | Reáchtálfar cruinniú idir CR agus an Oifig Cáilíochta 18 mí i ndiaidh don FF cead a thabhairt don PFC leis an rún soiléir deireadh a chur leis an PFC. Ullmhófar san Oifig Cáilíochta i gcomhar le ceann na roinne (CR) PFC - Tuarascáil Deiridh ar Dhul Chun Cinn (QT-020) lena dtugtar eolas faoi stádas gach molta agus cuirtear an tuarascáil sin faoi bhráid an Choiste Cáilíochta. Beidh CR i láthair ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Cáilíochta chun an tuarascáil a phlé. Ní mór don Choiste Cáilíochta a dheimhniú dó féin go bhfuil an PFC curtha i bhfeidhm ag an roinn chomh maith agus is féidir léi. Nuair a | CR, OC, CC |

| | | |
|---|---|---|
| | dheimhníonn an Coiste Cáilíochta é sin, síneoidh sé an PFC atá curtha i gcrích. Tuairiscítear sa Choiste Cáilíochta go bhfuil an PFC críochnaithe chuig an Údarás Rialaithe agus iarrtar cead ón údarás an tuarascáil a chur ar fáil don phobal. | |

## 4 Próiseas Deimhnithe

Déantar san Oifig Cáilíochta measúnú ar éifeachtacht an phróisis um athbhreithniú ar cháilíocht trí aiseolas a fháil ó phiarmheasúnóirí (i.e. comhaltaí den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí), ceann na roinne agus an Grúpa Inmheánach um Athbhreithniú ar Cháilíocht agus an monatóireacht leanúnach a dhéantar ar phríomhamlínte.

## 5 Freagracht i leith Treoirlínte um Athbhreithniú ar Cháilíocht Acadúil *agus* leasuithe ar na treoirlínte sin

Is é an Stiúrthóir Cáilíochta a bheidh freagrach as mion-athbhreithnithe a dhéanamh ar Threoirlínte um Athbhreithniú ar Cháilíocht Acadúil *agus* a dhéanfaidh maoirseacht ina leith sin. Ní mór aon mhór-athbhreithniú a thaispeáint don Choiste Cáilíochta chun cead a fháil uaidh. Ní mór na hathbhreithnithe uile (mion-athbhreithnithe agus mór-athbhreithnithe) a dhoiciméadú i stair an athbhreithnithe den cháipéis Achoimre ar Threoirlínte um Athbhreithniú ar Cháilíocht Acadúil QP_000.

# 6 Stair an Athbhreithnithe

| Athbhreithniú | Dáta: | Ceadaithe ag | Sonraí an athraithe | Úinéir Próisis |
|---|---|---|---|---|
| 0 | 27/11/2018 | An Coiste Cáilíochta | An chéad cháipéis eisithe | An Stiúrthóir Cáilíochta |
| 1 | 05/02/2019 | An Stiúrthóir Cáilíochta | De réir chruinniú an ADM: Nós imeachta Dúnta PFC curtha isteach.<br>Iarratas ar réasúnaíocht do mholtaí GAP - Teimpléad TAP curtha isteach. | An Stiúrthóir Cáilíochta |
| 2 | 15 Meán Fómhair 2020 | Coiste Cáilíochta Choláiste Mhuire gan Smál - CC2020#03 | **Cuid 5 QP_001** de *Fhreagracht i leith Treoirlínte um Athbhreithniú ar Cháilíocht Acadúil agus leasuithe ar na treoirlínte sin* a chur isteach de réir **Sholáthróir Nasctha an PFC (LP-09)** | An Stiúrthóir Cáilíochta |
| | | | Bainistiú ó Chian a chur isteach don Láthair ar Líne Téigh chuig (**QP_001 & QP_002**) Ceadaithe CC2020#2. | |
| | | | **Cuid 1.2 QP_002:** Athruithe ar chomhdhéanamh agus ar cheapadh na nGrúpaí Athbhreithnithe ar Phiaraí (GAPanna) - athruithe mar thoradh ar an gcéad Athbhreithniú Acadúil.<br><br>**QP_002 & QF-001 Foirm Ainmniúcháin an Phiarmheasúnóra** Ráiteas a chur isteach maidir le riachtanas do mheascán inscne a bheith sna GAPanna. | |
| | | | Maolú Riosca: Píosa a chur isteach i **QP-002 Cuid 1.5.1** maidir le cóip den dréacht TAP a bheith coinnithe ag an SC go dtí go mbeidh an | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | tuarascáil tagtha chun críche. | |
| | | | PFCanna le foilsiú ar Láithreán Gréasáin Choláiste Mhuire gan Smál - atá mar an gcéanna le próiséas Ollscoil Luimnigh. **QP_001 & QP_003** athraithe chun an riachtanas a chur san áireamh maidir le cead a fháil ón Údarás Rialaithe chun PFCanna a fhoilsiú. | |
| 2.1 | 12 Deireadh Fómhair 2020 | An Dr. Deirdre Ryan<br>An Stiúrthóir Cáilíochta | An tagairt do Scríbhneoir Teicniúil bainte amach ar fud **QP-001** mar nach mbeidh an Oifig Cáilíochta ag cur sheirbhísí an Scríbhneora Theicniúil ar fáil.<br>Is é an SC a chuirfidh an t-athbhreithniú deiridh ar an TF i gcrích ina ionad sin. Uasdátaíodh **QP-000** chun é sin a léiriú. | An Stiúrthóir Cáilíochta |
| 2.2 | 19 Samhain 2020 | An Dr. Deirdre Ryan<br>An Stiúrthóir Cáilíochta | Athrú ar fhad an leathanaigh i dtuarascáil TF - **QP_001.**<br><br>Ról an Chathaoirligh agus ról na gcomhaltaí den ghrúpa athbhreithnithe in **QP-002** a chur isteach | An Stiúrthóir Cáilíochta |
| 2.3 | 19 Deireadh Fómhair 2021 | An Fhoireann Feidhmiúcháin - Meitheamh 2020 | Próiseas leasaithe PFC a chur isteach - **Cuid 1.1 (QP_003)** | An Stiúrthóir Cáilíochta |
| 2.4 | 13 Meán Fómhair 2022 | Coiste Cáilíochta Choláiste Mhuire gan Smál - CC2022#03 | **2.6 (QP_000)** Oibleagáidí na Roinne. Déan na Dáimhe ag teacht in áit an LUGA mar an chéad phointe teagmhála don Stiúrthóir Cáilíochta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht na roinne sa phróiseas um | An Stiúrthóir Cáilíochta |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | athbhreithniú ar cháilíocht.<br><br>Struchtúr an TF **(QP_001)** - Caibidil bhreise curtha isteach sa TF - Caibidil 7 Gníomhaíocht For-Rochtana Pobail.<br><br>**1.3 (QP_003)** Athrú ar an gcóras chun an próiseas PFC a thuairisciú chuig an gCoiste Cáilíochta. Dhá thuarascáil eatramhacha agus tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn ag teacht in áit na nuashonruithe ráithiúla.<br><br>**1.4 (QP_004**) Iarrfar ar chead a fháil ón Údarás Rialaithe chun Tuarascáil Deiridh an PFC ar Dhul Chun Cinn a chur ar fáil don phobal. | |

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

# Próiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht do Ranna Acadúla
# Céim an Fhéinmheasúnaithe

Athbhreithniú 2.4
Meán Fómhair 2022

# Clár

Céim an Fhéinmheasúnaithe ..... 2
Forléargas ..... 2
Struchtúr an TF ..... 2
Gníomhaíochtaí Féinmheasúnaithe ..... 2
Anailís LDDB ..... 2
Ábhar agus cur chuige ginearálta ..... 3
Athbhreithniú ar an Éiteas ..... 3
Comhaontú ..... 4
Aguisín A: Eolas Breise atá Bainteach le TF ..... 4

# Céim an Fhéinmheasúnaithe

## Forléargas

Ba cheart go mbeadh an Tuarascáil Féinmheasúnaithe (TF) idir 60 - 90 leathanach ar fad (timpeall 20,000 - 25,000 focal). Ba cheart go mbeadh an tuarascáil tacaithe le naisc agus le haguisíní agus go mbeadh an fhianaise inti ar a bhfuil an tuarascáil bunaithe.

## Struchtúr an TF

Is iad seo a leanas ceannteidil réamhshocraithe na gcaibidlí sa TF:

1. Misean
2. Eagrú, bainistiú agus soláthar foirne
3. Dearadh, ábhar agus athbhreithniú an churaclaim
4. Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Aiseolas
5. Taithí an Mhic Léinn
6. Gníomhaíocht Taighde
7. Gníomhaíocht For-Rochtana Pobail

Is dócha go bhforbrófar ábhar beacht na tuarascála nuair a bheidh an tuarascáil á scríobh. Mar sin féin, ní mór go mbeadh an roinn ar an eolas go cuí ar na hábhair atá liostaithe faoi gach teideal caibidle sa Teimpléad TF (QT_001_TF_Teimpléad). Cé nach bhfuil scóip gach caibidle teoranta do na hábhair sin, ní mór na hábhair a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu.

## Gníomhaíochtaí Féinmheasúnaithe

Beidh athrú sna gníomhaíochtaí féinmheasúnaithe ó roinn amháin go roinn eile. Tá comhairle agus treoir ar fáil ón Oifig Cáilíochta. D'fhéadfadh sé gur mhian le ranna acadúla leas a bhaint as seirbhísí éascaitheora agus dul i gcomhairle le duine neamhspleách chun na gníomhaíochtaí féinmheasúnaithe a phleanáil agus a threorú. Ach fós féin, tá úinéireacht an phróisis agus freagracht i leith an phróisis coinnithe ag an roinn. Ar na gníomhaíochtaí a áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, tá:

- Anailís LDDB (Láidreachtaí, Dúshláin, Deiseanna, Bagairtí)
- Aiseolas ó mhic léinn a bhailiú agus a anailísiú (e.g., suirbhéanna agus measúnuithe ar mhodúil)
- Cruinnithe grúpa fócais d'ionadaithe ranga éascaithe go neamhspleách
- Bailiú agus anailís sonraí (e.g. cead iontrála na mac léinn, sonraí forchéimnithe agus feidhmíochta, staitisticí maidir le fostaíocht céimithe, tuarascálacha an scrúdaitheora sheachtraigh, sonraí aschuir feidhmíochta taighde)
- Aon ghníomhaíocht eile a cheapann Foireann Inmheánach um Athbhreithniú ar Cháilíocht na roinne go gcuirfeadh sé le measúnú bunaithe ar fhianaise ar fheidhmíocht na roinne.

Ba cheart na tuarascálacha, a bailíodh trí na gníomhaíochtaí thuas, a chur isteach mar aguisíní sa TF nó a chur ar fáil don Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí (GAP) trí áit ainmnithe shábháilte ar MS Teams.

### Anailís LDDB

Tá plé réalaíoch oscailte agus ionraic ar láidreachtaí, dúshláin, deiseanna agus bagairtí (Anailís LDDB), chomh maith le feabhsuithe atá beartaithe, ríthábhachtach chun eolas a dhéanamh go cruinn don Athbhreithniú ar Phiaraí
Cead a thabhairt do chomhaltaí an ghrúpa (GAP) iad féin a ullmhú mar is cuí don chuairt ar an láthair agus i ndeireadh na dála tuarascáil a chur ar fáil a rachaidh chun tairbhe don roinn agus don Choláiste.
Éascaitheoir seachtrach, a bhfuil taithí ábhartha acu ar anailís LDDB, a úsáid agus d'fhéadfadh pleanáil straitéiseach a bheith ina buntáiste don roinn nuair a bheidh an cleachtadh ar bun. Is í an Oifig Cáilíochta a eagróidh an saineolas seachtrach seo dá mbeadh cúnamh ag teastáil ón roinn.

## Ábhar agus cur chuige ginearálta

Tá soiléire agus comhtháthú ina saintréithe de TF atá dea-scríofa. Ba cheart go mbeadh an insint gonta ach cuimsitheach. Is cuí na naisc a leabú sa téacs agus sonraí tacaíochta a chur ar fáil sna haguisíní. Tá liosta d'fhianaise cháipéiseach, a d'fhéadfadh a bheith ann, liostaithe in **Aguisín A**. Seachas an roinn í féin, is é an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí (GAP) atá mar lucht spéise na cáipéise, agus ba cheart an tuarascáil a scríobh agus aird á tabhairt ar an méid sin.
Chomh maith leis sin:

- Ní mór do scríbhneoirí an TF aird chuí a thabhairt ar scóip an athbhreithnithe.
- Ba cheart go mbeadh an insint anailíseach agus bunaithe ar fhianaise/sonraí. Ba cheart go mbeadh cothromaíocht chuí idir an fhaisnéis agus an anailís atá sa tuarascáil agus ba cheart go mbeadh na conclúidí deiridh a tharraing an roinn san áireamh.
- Ní mór go mbeadh béim shoiléir fheiceálach ar oiriúnacht iomlán na roinne don fheidhm agus ar fheidhmíocht na roinne ar fáil san fhéinmheasúnú ar cháilíocht ghníomhaíochtaí na roinne (e.g., príomhtháscairí feidhmíochta (PTF) a shocrú, spriocanna a bhaint amach agus measúnú a dhéanamh ar aschuir na roinne agus an tionchar atá acu, ar mhic léinn go háirithe agus ar an gColáiste tríd is tríd).
- Ba cheart go mbeadh fianaise ar fáil sa tuarascáil maidir le dearcthaí na bpáirtithe leasmhara.
- Ba cheart go mbeadh leagan amach, stíl formáidithe agus scríbhneoireachta na cáipéise seasmhach agus gairmiúil. Cuideoidh an Oifig Cáilíochta leis sin.

## Athbhreithniú ar an Éiteas

Is éard is éiteas leis an bpróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht ná go nglacann rannpháirtithe páirt go réamhghníomhach sa phróiseas agus meon tacúil agus fiúntach a bheith ag gach duine acu agus go dtugtar faoin bpróiseas ar bhealach atá trédhearcach ionchuimsitheach neamhspleách, bunaithe ar fhianaise agus éifeachtúil ó thaobh costas de. Leis an bpróiseas, cuirtear deiseanna ar fáil chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtáil agus dea-chleachtas chomh maith le deiseanna féideartha d'fheabhsú cáilíochta a aithint. Scaiptear an tuarascáil féinmheasúnaithe (TF) chuig líon teoranta daoine lena n-áirítear comhaltaí na roinne, Déan na Dáimhe, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, An Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí agus an Oifig Cáilíochta agus ní roinnfear an tuarascáil le tríú páirtithe (mura roghnaíonn an roinn í féin é sin a dhéanamh).

### Comhaontú

Le linn na gcéimeanna deiridh dréachtaithe, ba cheart go mbeadh an TF ar fáil do chomhaltaí uile na roinne chun tuairim a thabhairt. Sa mhéid go bhfuil sé indéanta a dhéanamh, ba cheart go mbeadh na tuairimí/conclúidí a léiríodh sa TF ag teacht le dearcthaí comhaontaithe na roinne ina iomláine.

**Beidh réimsí aibhsithe i ndath gorm sa Teimpléad TF (QT_001_TF_Teimpléad) curtha ann roimh ré ag an Oifig Cáilíochta nó beidh na sonraí atá de dhíth cruthaithe ag an Oifig Cáilíochta.**

## Aguisín A: Eolas Breise atá Bainteach le TF

Sa chás gur mhian leis an roinn tagairt a dhéanamh do cháipéisí tacaíochta ar leith, is féidir léi sin a dhéanamh trí aguisíní a chur isteach sa TF nó trí thagairt a dhéanamh do réimse sábháilte ar MS Teams, réimse ina mbailítear cáipéisí den sórt sin nó tríd na cáipéisí a chur ar fáil don GAP le linn na cuairte ar an láthair.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in aguisíní an TF:

- Eolas na Roinne
  - Struchtúr na hEagraíochta
  - CVanna na Foirne
  - Plean na Roinne
  - Teagasc agus Foghlaim/Straitéis Taighde
  - Buiséid
  - Leithdháileadh spáis
- Sonraíochtaí an chláir
  - Sonraíochtaí an Chláir
  - Tuairiscí ar Mhodúil
  - Samplaí de Lámhleabhair an Chláir/ an Mhic Léinn
  - Más cuí, Pleananna Gnímh um Monatóireacht ar Chlár Bliantúil chomh maith le taifead de thorthaí na ngníomhartha a rinneadh sna trí bliana roimhe seo
  - Tuarascálacha Monatóireachta agus Creidiúnaithe ar Chomhlachtaí Reachtúla agus Gairmiúla (más ábhartha)
  - Samplaí de thuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh chomh maith le freagraí
- Sonraí Taighde
  - Pleananna Taighde
  - Aschuir Taighde
- Sonraí Cainníochtúla
  - Staitisticí maidir le gnóthachtáil na mac léinn
  - Rangúchán céime
  - Cáilíochtaí iontrála
  - Rátaí forchéimnithe agus comhlánaithe
  - Áiteanna na chéad fhostaíochta
- Sonraí Cáilíochtúla
  - Aiseolas ó mhic léinn
  - Aiseolas ón bhfoireann
- Eolas na hinstitiúide
  - Plean Straitéiseach Choláiste Mhuire gan Smál

- Struchtúr na heagraíochta
- Teagasc agus Foghlaim/Straitéis Taighde
- Struchtúr an Choiste
- Cáipéisí a bhaineann le nósanna imeachta acadúla agus le cáilíocht

Cuimhnigh, le do thoil, go bhfuil an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí in ann cóipeanna de cháipéisí áirithe, dá dtagraítear i dtéacs an TF, a iarraidh. Tabhair ar aird freisin go bhféadfadh an GAP eolas breise ón roinn a iarraidh roimh an gcuairt ar an láthair/ó chian nó lena linn sin.

Ba cheart do ranna a thabhairt ar aird go leagtar síos sa dea-chleachtas gur cheart go reáchtálfadh an Oifig Cáilíochta thar ceann na roinne aon suirbhé atá le tabhairt faoi le linn an TF a ullmhú, seachas an Roinn í féin.

Próiseas um Athbhreithniú

ar Cháilíocht do Chéim

Athbhreithnithe ar Phiaraí

na Ranna Acadúla

Athbhreithniú 2.4

Meán Fómhair 2022

# Clár

1 An Chéim Athbhreithnithe ar Phiaraí ..... 3
1.1 Cuspóir na Cuairte agus Ról an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí ..... 3
1.2 Comhdhéanamh agus ceapadh an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí ..... 3
1.3 Sceideal na Cuairte ar an Láthair ..... 5
1.4 Sceideal do Chuairt Mhalartach ar Líne ..... 5
1.4.1 Cruinnithe ar Líne ..... 5
1.4.2 Breithnithe ..... 6
1.5 Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí ..... 6
Aguisín A: Comhdhéanamh agus Róil an GAP ..... 8
Aguisín B: Sceideal samplach den Chuairt um Athbhreithniú ar Phiaraí ..... 10
Aguisín C: Sceideal Samplach den Chuairt ar Líne um Athbhreithniú ar Phiaraí ..... 12

# 1 An Chéim Athbhreithnithe ar Phiaraí

Tagraítear sa Chéim Athbhreithnithe ar Phiaraí maidir leis an bpróiseas don tseachtain ina dtugann an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí (GAP) cuairt ar an gColáiste (cuairt ar an láthair) chun casadh leis an roinn faoi athbhreithniú agus le páirtithe leasmhara na roinne. I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh athbhreithniú ar líne, cuir i gcás, tarlú in ionad na cuairte ar an láthair, mar gheall ar srianta taistil (e.g. Paindéim Covid), nó d'fhéadfaí an t-athbhreithniú a reáchtáil ar shlí hibrideach chun cead a thabhairt do chomhaltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a bheith san áireamh, comhaltaí nach bhfuil in ann taisteal mar gheall ar chúiseanna eile.

## 1.1 Cuspóir na Cuairte agus Ról an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí

Is éard is rún leis an gcuairt ná deis a thabhairt don Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí plé níos mó a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus próisis na roinne, chun saincheisteanna a aithníodh sa Tuarascáil Féinmheasúnaithe a fhiosrú agus chun iad féin a chur ar a suaimhneas gur léiriú cuimsitheach agus cruinn ar obair na roinne í an Tuarascáil Féinmheasúnaithe. Leis an gcuairt seo, cuirtear ar chumas an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí casadh le foireann na roinne, le mic léinn agus le páirtithe leasmhara eile, dul i mbun idirphlé leo, cuairt a thabhairt ar shaoráidí na roinne agus casadh le lucht ardbhainistíochta Choláiste Mhuire gan Smál. Dá réir sin, ligtear don Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí na torthaí a thaifeadadh i dtuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí atá bunaithe ar fhianaise, ar a bhfuil na torthaí sin mar chroílár ardmholtaí agus moltaí araon don roinn.

## 1.2 Comhdhéanamh agus ceapadh an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí

Triúr/ceathrar a bhíonn sa Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí go hiondúil, agus ní mór go mbeadh na daoine uile sin taobh amuigh den Choláiste agus ní mór beirt scoláirí shinsearacha (náisiúnta/idirnáisiúnta) a bheith san áireamh, agus d'fhéadfadh fostóir, ionadaithe gairmiúla agus ionadaithe mac léinn a bheith sa chuid eile den ghrúpa athbhreithnithe. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé gurbh iomchuí painéal an GAP a leathnú go cúigear comhaltaí chun fairsinge oiriúnach saineolais a chur ar fáil. Ní bheidh daoine d'inscne amháin sna Grúpaí Athbhreithnithe ar Phiaraí, ach b'fhearr go mbeadh meascán inscne ann ar a laghad i gcónaí.

Téann an Stiúrthóir Cáilíochta i gcomhairle le Ceann na Roinne agus/nó aithníonn sé go neamhspleách, iarrthóirí ionchasacha. Déanann an Stiúrthóir Cáilíochta a dhícheall cuí maidir le

hoiriúnacht na gcomhaltaí uile ionchasacha den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí lena n-áirítear tacaíocht Dhéan na Dáimhe a lorg chun an moladh faoi chomhdhéanamh an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a thabhairt chuig an bhFoireann Feidhmiúcháin, a bhfuil sé d'fhreagracht na foirne sin painéil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a cheadú. Ní mór do Cheann na Roinne agus Déan na Dáimhe Foirm Ainmniúcháin an Phiarmheasúnóra (QF-001) a chomhlánú agus a shíniú sula gcuirtear faoi bhráid an FF í. Nuair atá na comhaltaí ceaptha agus sula gcuirtear tús leis an Athbhreithniú ar Phiaraí, is í an Oifig Cáilíochta a éascóidh aon chumarsáid riachtanach idir na roinn agus comhaltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí. Iarrfar ar chomhaltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí Comhaontú um Neamhnochtadh a shíniú sula mbeidh rochtain ar láthair shábháilte MS Teams don Athbhreithniú ar Cháilíocht curtha ar fáil dóibh.

Sa chás go dtarraingeoidh comhalta amháin den ghrúpa amach déanach, d'fhéadfadh sé go mbeifí in ann duine eile a chomhthoghadh ina áit nó leanúint leis na comhaltaí atá fanta (nach níos lú ná triúr); is é an Stiúrthóir Cáilíochta i gcomhar le Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a dhéanfaidh an cinneadh sin.

Tá cur síos ar chomhdhéanamh agus ar ról na gcomhaltaí den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí in **Aguisín A.**

Roinneann an Oifig Cáilíochta an Tuarascáil Féinmheasúnaithe, ocht seachtaine roimh an gcuairt, trí MS Teams le Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a léifidh an TF agus a chuirfidh aiseolas ar fáil do chomhordaitheoir an Ghrúpa Inmheánaigh um Athbhreithniú ar Cháilíocht. Roinneann an Oifig Cáilíochta an Tuarascáil Féinmheasúnaithe agus na haguisíní, sé seachtaine roimh an gcuairt, le comhaltaí uile an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí. Iarrann Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí ar gach comhalta den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí staidéar a dhéanamh ar an Tuarascáil Féinmheasúnaithe ina hiomláine ach spéis ar leith a chur sna caibidlí sannta sonraithe den Tuarascáil Féinmheasúnaithe d'fhonn an ceistiú agus an tuairisciú ar na caibidlí sin a threorú le linn na cuairte. Iarrfar ar chomhaltaí aonair den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí coimre aon leathanach amháin a thabhairt ar gach ceann de na codanna sannta atá acu faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Gnéithe dearfacha agus inmholta
- Dúshláin shoiléire agus/nó réimsí imní
- Ábhair ar gá iniúchadh a dhéanamh orthu le linn pléití
- Cruinnithe páirtithe leasmhara atá molta

- Sonraí breise atá de dhíth roimh an gcuairt ar an láthair
- Deiseanna a aithníodh sa roinn le haghaidh tuilleadh feabhsaithe

Cuirtear na coimrí sin i dtoll a chéile in achoimre réamh-chuairte ar thuarascáil na dtorthaí tosaigh (QT_018) agus tá sé ar fáil do chomhaltaí uile an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí ar bhealach sábháilte trí MS Teams. Tá an tuarascáil seo mar bhonn leis an gceistiú tosaigh, idirphlé agus pléití le linn na cuairte. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ábhar breise de dhíth; más ea, iarrann an cathaoirleach ar an roinn, tríd an Oifig Cáilíochta, ábhar den sórt sin a ullmhú agus a chur ar fáil.

## 1.3 Sceideal na Cuairte ar an Láthair

Cuirtear tús leis an gcuairt chuig Coláiste Mhuire gan Smál go hiondúil ag 9am ar maidin Dé Máirt agus cuirtear clabhsúr leis an gcuairt an Déardaoin dár gcionn thart ar 3pm. (Tá sceideal samplach na cuairte ar fáil in **Aguisín B**). Reáchtálfaidh an Leas-Uachtarán um Rialachas agus um Straitéis seisiún eolais ar maidin Dé Máirt chun forléargas cuimsitheach ar na struchtúir rialachais laistigh de Choláiste Mhuire gan Smál a chur ar fáil. Tiocfaidh comhaltaí den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí le chéile le haghaidh seisiún príobháideach chun aithne a chur ar a chéile, an chéad imprisean a bhí acu ar an roinn a roinnt agus soiléiriú a lorg ó gCathaoirleach, más gá. Casann an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí le lucht ardbhainistíochta Choláiste Mhuire gan Smál agus le foireann na roinne, le mic léinn agus le páirtithe leasmhara Dé Máirt agus Dé Céadaoin.

Tosaíonn comhaltaí den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí tráthnóna Dé Céadaoin agus críochnaíonn siad an oíche sin chun na codanna sin den tuarascáil, ar a bhfuil siad ina gceannaire, a dhréachtú. Caitheann na comhaltaí am maidin Déardaoin ag roinnt na ndréachtaí agus ag tabhairt na dréacht-tuarascála chun críche fad agus atá siad ag obair mar fhoireann. Léitear an dréacht-tuarascáil ar ais d'fhoireann na roinne sa tráthnóna.

## 1.4 Sceideal do Chuairt Mhalartach ar Líne

Sa chás nach féidir an chuairt ar an láthair a reáchtáil mar gheall ar chúinsí eisceachtúla (e.g. Paindéim Covid-19), **bainfear úsáid as próiseas malartach Choláiste Mhuire gan Smál chun Cuairt an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a Bhainistiú (breathnaigh ar Aguisín C don sceideal).** Ní dhéantar athrú ar an bpróiseas athbhreithnithe agus ar na treoirlínte ábhartha chun an Tuarascáil Féinmheasúnaithe (TF) a dhréachtú. Táthar ag súil go n-iarrfar aiseolas ó na páirtithe leasmhara don TF trí úsáid a bhaint as bealach leictreonach amhail suirbhé, ríomhphost, cruinnithe MS Teams, grúpaí fócais ar líne. Coinneoidh an Coláiste na treoirlínte do chomhdhéanamh painéil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí.

### 1.4.1 Cruinnithe ar Líne

Reáchtáiltear sraith de chruinnithe ar líne thar thréimhse 5-10 lá (ar a mhéad) in ionad na cuairte ar an láthair. Tá an t-am caite molta mar gheall go mbíonn cruinnithe ar líne níos déine agus chun ligean do mheascán d'athbhreithniú feabhsaithe ar cháipéis agus do chruinnithe atá spriocdhírithe. Socraíonn Cathaoirleach an GAP agus an Oifig Cáilíochta an clár ama do na cruinnithe sin roimh ré. Áireofar i bhformáid an chláir oibre an méid seo a leanas go hiondúil:

| **Cruinnithe an Chéad Athbhreithnithe** |
|---|
| Leis na cruinnithe seo, cinntítear go bhfuil eolas dóthanach agus cúlra pheirspictíocht an Choláiste ag an GAP ar a bhfuil an t-athbhreithniú atá acu le bunú. Ligtear sna cruinnithe sin do na hathbhreithneoirí ceisteanna soiléire a chur ar chomhaltaí na hOifige Cáilíochta, ar an Lucht Ardbhainistíochta agus ar an Roinn/Seirbhís atá faoi athbhreithniú. |
| **Cruinnithe na bPáirtithe Leasmhara** |
| Reáchtáiltear cruinnithe na bpáirtithe leasmhara le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. |
| **Cruinnithe na Tuarascála Athbhreithnithe ar Phiaraí** |
| Leis na cruinnithe sin, ligtear don tuarascáil a thabhairt chun críche agus d'fhéadfadh meascán de ghníomhaíochtaí ar líne agus as líne a bheith i gceist. |

### 1.4.2 Breithnithe

D'fhéadfadh sceidealú na gcruinnithe a bheith ag brath ar amchriosanna chomhaltaí an GAP.
Beidh ar an Oifig Cáilíochta modhnóireacht a dhéanamh ar an gcruinniú, naisc a éascú má chliseann an leathanbhanda etc, treoir a thabhairt mar is féidir na cruinnithe ar líne a reáchtáil. Leis na seirbhísí TFC, cuirfear cúltaca teicniúil ar fáil más gá.

## 1.5 Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí

Doiciméadaíonn an Grúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí na torthaí a fhaigheann siad trí úsáid a bhaint as *Teimpléad na Tuarascála Athbhreithnithe ar Phiaraí maidir le hAthbhreithniú ar Cháilíocht na Roinne Acadúla,* **QT-002.** Tá freagracht choiteann ar gach comhalta den Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí maidir le hábhair na tuarascála. I bpríomhchorpas na tuarascála, liostaítear ardmholtaí agus moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí i leith na roinne.

### 1.5.1 Aiseolas a thuairisciú chuig an roinn

1. Ar an lá deireanach athbhreithnithe, léann Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí agus/nó ceannasaithe caibidle an tuarascáil ar ais d'fhoireann na roinne. Ní chuirtear aon chóip ar pháipéar den tuarascáil ar fáil don roinn ag an staid seo. Mar sin féin, cuirfear cóip den dréacht-tuarascáil ar fáil don Stiúrthóir Cáilíochta trí MS Teams chun críocha slándáil na sonraí. Íoslódálfar cóip den dréacht-tuarascáil agus coinneofar í go sábháilte go dtí go mbeidh an dréacht deiridh curtha i gcrích ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí.

2. Is é Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a cheadaíonn an tuarascáil go foirmiúil. Seolann an Oifig Cáilíochta an tuarascáil cheadaithe ansin chuig an nGrúpa Inmheánach um Athbhreithniú ar Cháilíocht, agus seiceálann comhaltaí an ghrúpa sin an tuarascáil go docht le fáil amach an bhfuil earráidí fíorasacha inti. Má thagann saincheisteanna chun cinn mar gheall ar an bpróiseas deimhnithe, cuireann an Oifig Cáilíochta na saincheisteanna sin in iúl do Chathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí, a oibríonn ansin leis an nGrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí chun freagra a thabhairt i leith na tuarascála agus leasú a dhéanamh uirthi mar is cuí.

3. Cuirtear an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí faoi bhráid an Choiste Cáilíochta chun trácht a thabhairt uirthi agus ansin cuirtear í faoi bhráid an Údaráis Rialaithe agus iarrtar cead a fháil ón Údarás Rialaithe chun an tuarascáil a chur ar fáil don phobal. Chomh luath agus atá an cead sin faighte, cuirtear an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí ar fáil don phobal trí láithreán gréasáin Oifig Cáilíochta Choláiste Mhuire gan Smál.

# Aguisín A: Comhdhéanamh agus Róil an GAP

## Comhdhéanamh an GAP

Tá próifíl na ballraíochta déanta de mheascán de roinnt de na nithe/gach ní seo a leanas ag brath ar chineál agus méid na roinne faoi athbhreithniú.

| | |
|---|---|
| Beirt Scoláirí Shinsearacha **(riachtanach)** | ▪ Ba cheart do dhuine amháin acu sin a bheith ag obair i ndisciplín lena gcuirfear eolas láidir ar fáil aige ar phríomhghníomhaíochtaí na roinne faoi athbhreithniú.<br>▪ Cáil shuntasach idirnáisiúnta a bheadh acu go hiondúil i dtaighde agus/nó i dteagasc.<br>▪ Duine nach bhfuil ina scrúdaitheoir seachtrach ag Coláiste Mhuire gan Smál faoi láthair nó le déanaí.<br>▪ Duine nach bhfuil i mbun taighde/ tionscadal eile le comhaltaí na Roinne atá faoi Athbhreithniú |
| Ionadaí Gairmiúil/ Ionadaí Fostóra | ▪ Ba cheart don duine a bheith ina ionadaí d'eagraíocht a d'fhéadfadh sé tarlú go mbeifí ag súil go réasúnach go n-earcófaí céimithe ó chlár amháin ar a laghad atá á chur ar fáil ag an Roinn faoi athbhreithniú.<br>▪ Go hidéalach, beidh taithí ag a leithéid de dhuine mic léinn a bhain céim amach le gairid agus/nó mic léinn na Roinne lena mbaineann atá ar shocrúcháin oibre a earcú nó maoirseacht a dhéanamh orthu. |
| Ionadaí mac léinn | ▪ Roghnaítear an duine seo chun léargas mic léinn a chur ar fáil agus roghnófar ar bhonn a gcuid taithí ábhartha maidir leis an ngrúpa mac léinn é.<br>▪ Ba cheart go mbeadh an duine ina Alumnas taobh amuigh de Choláiste Mhuire gan Smál. |

## Róil an GAP

**Cathaoirleach**
Roghnófar cathaoirleach as comhaltaí laistigh den ghrúpa. Féachfaidh an Stiúrthóir Cáilíochta le cathaoirleach a cheapadh roimh thús na céime Athbhreithnithe ar Phiaraí chun cuidiú leis an athbhreithniú céanna sin a bhainistiú go héifeachtúil.
*Áirítear na nithe seo a leanas i ról an Chathaoirligh:*

- An TF a léamh agus aiseolas tosaigh a chur ar fáil do Chomhordaitheoir an Ghrúpa Inmheánaigh um Athbhreithniú ar Cháilíocht, thart ar ocht seachtaine roimh an athbhreithniú.
- Cuid/caibidil ar leith den TF a thabhairt do chomhaltaí aonair an GAP, le cuidiú ón Oifig Cáilíochta, ar a mbeidh gach comhalta aonair ag feidhmiú ina chomhordaitheoir ábhair le linn na cuairte ar an láthair.
- Cuidiú leis an Oifig Cáilíochta an chuairt ar an láthair/ó chian a chomhordú: a chinntiú go reáchtáiltear na cruinnithe uile de réir an sceidil nó go n-iarrtar ar athruithe ar an sceideal de réir mar a fhorbraítear an t-athbhreithniú.
- An chuid tosaigh de thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a scríobh (thart ar 2 leathanach).

- Críoch na n-ardmholtaí agus na moltaí do thuarascáil an GAP a éascú
- Tuarascáil an GAP a léamh amach ina hiomláine nó codanna den tuarascáil a thabhairt do chomhaltaí an GAP le léamh amach ag an gcruinniú deiridh leis an Roinn
- Sna laethanta i ndiaidh na cuairte, tuarascáil an GAP a léamh agus a cheadú i ndiaidh seiceáil an bhfuil earráidí fíorasacha sa tuarascáil agus an tuarascáil a thabhairt chun críche.

**Comhaltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe**
Áirítear na nithe seo a leanas i ról chomhaltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe:

- An Tuarascáil Féinmheasúnaithe (TF) a léamh agus ceisteanna a ullmhú roimh an gcuairt
- Ceannaireacht a thabhairt ar chaibidil/caibidlí den TF le linn an athbhreithnithe.
- Cuidiú leis an gCathaoirleach an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phiaraí a ullmhú
- An tuarascáil deiridh a phrofáil seachtain nó dhó i ndiaidh chonclúid an athbhreithnithe.

# Aguisín B: Sceideal samplach den Chuairt um Athbhreithniú ar Phiaraí

Tá an sceideal samplach seo bunaithe ar athbhreithnithe roimhe seo. Is é cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí (GAP) i gcomhar leis an Stiúrthóir Cáilíochta a chineann an sceideal deiridh.

***Nóta - tugann an roinn daoine cuí chuig gach cruinniú.***

| *Lá 1* | *Dé Máirt* | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| 9.30am - 10.30am | GAP, OC, LUR&S, Déan | Fáilte agus Seisiún Eolais | G08 |
| 10.30am - 11.30am | GAP | Seisiún pleanála Forléargas achomair ó gach comhalta den GAP ar na torthaí a fuair siad ón tuarascáil féinmheasúnaithe, lena gcuirtear béim ar aon saincheist mhór. Pleanáil d'ábhar 1 agus 2 agus do sheisiún ag am lóin. | G08 |
| 11.30am - 12.30pm | GAP, Ceann na Roinne | Réamhrá & Na Chéad Phléití | G08 |
| 12.30pm - 1.30pm | GAP, GIAC, Ceann na Roinne | Pléití agus ceisteanna<br>• **Misean** (ábhar 1)<br>• **Eagrú, bainistiú agus soláthar foirne** (ábhar 2) | G08 |
| 1.30pm- 2.30pm | GAP, mic léinn | Lón buifé do mhic léinn - deis chun casadh leis na mic léinn agus fáil amach faoi na dearcthaí atá acu (15 ar a mhéad) | G08 |
| 2.30pm- 3.00pm | GAP | Athbhreithniú an GAP ar ghníomhaíochtaí na maidine. Pleanáil d'ábhar 3 agus 4 | G08 |
| 3.00pm- 4.00pm | GAP, GIAC, Ceann na Roinne | Pléití agus ceisteanna<br>• **Dearadh, ábhar agus athbhreithniú an churaclaim** (ábhar 3) | G08 |
| 4.00pm- 5.00pm | GAP, GIAC, Ceann na Roinne, DTL | Pléití agus ceisteanna<br>• **Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Aiseolas** (ábhar 4) | G08 |
| 5.00pm- 5.30pm | GAP, SC | Athbhreithniú ar thorthaí an lae inniu. Ceisteanna don lá dár gcionn a aithint, go háirithe maidir le hábhar 5 agus 6 | G08 |
| 7.30pm | GAP | Dinnéar neamhfhoirmiúil | Áit lasmuigh den champas |

| ***Lá 2*** | ***Dé Céadaoin*** | | |
|---|---|---|---|
| 09.00am-09.30am | GAP | Cruinniú príobháideach GAP chun ábhar 5 agus 6 a phleanáil | G08 |
| 9.30am - 10.30am | GAP, GIAC, DSL | Pléití agus ceisteanna<br>• **Taithí an Mhic Léinn** (ábhar 5) | G08 |
| 10.30am - 11.30am | GAP | Caife, seisiún príobháideach - am chun breith suas leis na nótaí | G08 |
| 11.30am - 12.30pm | GAP, GIAC, Ceann na Roinne, SC | Pléití agus ceisteanna<br>• **Gníomhaíocht Taighde** (ábhar 6) | G08 |
| 12.30pm-1.00pm | GAP | Pleanáil don seisiún ag am lóin | |
| 1.00pm-2.00pm | GAP, páirtithe leasmhara | Lón buifé le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gairmithe sa réimse ábhair/ fostóirí (5-6 duine) | G08 |
| 2.15pm-4.15pm | GAP | Iarrataí Breise Cruinnithe<br>Ceisteanna deiridh chun soiléiriú a fháil ar gach saincheist<br>Caife a chur ar fáil in G08 | G08 |
| 4.30pm-5.30pm | GAP | Achoimre ghearr ar ghníomhaíochtaí an tráthnóna. Athbhreithniú ar na príomhthorthaí i ngach réimse. Cur i láthair déanta ag piaraí aonair ar na príomhthorthaí a fuair siad i ngach réimse freagrachta.<br>**Cuir tús le tuarascáil a dhréachtú** | G08 |
| 7.30pm | GAP | Dinnéar neamhfhoirmiúil | Áit lasmuigh den champas |
| ***Lá 3*** | ***Déardaoin*** | | |
| 09.00am-1.00pm | GAP | Deireadh a chur le tuarascáil an GAP a dhréachtú<br>Forléargas ar stádas na tuarascála agus ardmholtaí agus moltaí a aithint | G08 |
| 1.00pm-2.30pm | GAP, Déan, SC, Ceann na Roinne agus foireann na roinne | **Tuarascáil an GAP léite amach** d'fhoireann na roinne agus do dhaoine eile agus ina dhiaidh sin lón | G08 |
| 3.00pm | | Conclúid na cuairte | |

# Aguisín C: Sceideal Samplach den Chuairt ar Líne um Athbhreithniú ar Phiaraí

| ***Réam hobair*** | ***Cuireann comhaltaí an GAP aiseolas mionsonraithe ar fáil don Chathaoirleach. Cuireann an Oifig Cáilíochta an t-aiseolas i dtoll a chéile.*** | | |
|---|---|---|---|
| | ***Na Chéad Chruinnithe (1/2 lá)*** | | |
| **Am** | **Páirtithe** | **Clár Oibre** | **Láthair** |
| 09.30 am-10.30 am | GAP, SC, BDC, Bainisteoir Líne Sinsearach | Réamhchruinniú agus seisiún eolais | Ar líne |
| 11.00 am-12.00 pm | GAP, AN ROINN/CEANN NA HOIFIGE/DÉAN/STIÚRTHÓIR agus an Comhordaitheoir TF | Cruinniú le deis a thabhairt don GAP casadh leis an Roinn/Ceann na Seirbhíse agus leis an gComhordaitheoir TF Is féidir é a úsáid chun radharc a chruthú, soiléiriú a chur ar fáil de réir mar is gá. | Ar líne |
| 12.00 pm-1.00pm | GAP | Seisiún pleanála Forléargas achomair ó gach comhalta den GAP ar na torthaí a fuair siad ón tuarascáil féinmheasúnaithe, lena gcuirtear béim ar aon saincheist mhór. Pleanáil le haghaidh cruinnithe aonair. | Ar líne |
| | GAP, | Cuir tús le hardmholtaí/moltaí a dhréachtú | As Líne |
| | GAP, SC | Tabhair eolas faoi chlár oibre na rannpháirtithe/na n-ábhar le haghaidh cruinnithe mionsonraithe lena n-áirítear an t-eolas ardleibhéil ar réimsí atá le plé | As Líne/D'fhéadfadh sé go mbeadh soiléiriú á lorg |

Seolann an cathaoirleach an clár oibre do Chruinnithe na bPáirtithe Leasmhara chuig an Oifig Cáilíochta.

**Cruinnithe na bPáirtithe Leasmhara**

Reáchtáiltear Cruinnithe na bPáirtithe Leasmhara 2-3 lá oibre (agus nach níos mó ná 5) i ndiaidh na chéad chruinnithe más féidir. Tá achoimre i mbréagriocht leagtha amach thíos.

| ***Lá 2*** | ***Cruinnithe Bhloc 2 (1 lá)*** | | |
|---|---|---|---|
| 09.00am-09.30am | GAP | Cruinniú príobháideach don GAP chun seisiúin lae a phleanáil | Ar líne |
| 09.30am-10.30am | GAP & Daoine Eile Ábhartha | Cruinniú 1 (Ábhar)<br>*Ag brath ar an gclár oibre, d'fhéadfadh cruinnithe gearra a bheith ann d'ábhair éagsúla. Tá solúbthacht ann ag brath ar an athbhreithniú* | Ar líne |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10.30am-11.00am | | SOS | Ar líne |
| 11.00am-12.30pm | GAP & Daoine Eile Ábhartha | Cruinniú 2 (Ábhar) | Ar líne |
| 12.30pm-1.30pm | | Lón | |
| 1.30pm-2.30pm | GAP & Daoine Eile Ábhartha | Cruinniú 3 (Grúpaí na bpáirtithe leasmhara) | Ar líne |
| 2.30pm-3.00pm | | SOS | |
| 3.00pm-4.30pm | GAP & Daoine Eile Ábhartha | Cruinniú 4 (Grúpaí na bpáirtithe leasmhara) | Ar líne |
| 4.30pm-5.30pm | GAP | Athbhreithniú ar na príomhthorthaí i ngach réimse. Cur i láthair déanta ag athbhreithneoirí aonair ar na príomhthorthaí a fuair siad i ngach réimse freagrachta.<br>**Leanúint le tuarascáil a dhréachtú** | As Líne |

**Cruinnithe Bhloc 3**

Le cruinnithe Bhloc 3, ligtear don tuarascáil a thabhairt chun críche agus d'fhéadfadh meascán de ghníomhaíochtaí ar líne agus as líne a bheith i gceist. Tá achoimre leagtha amach thíos agus tá an achoimre ag teacht leis an maidin dheireanach (Déardaoin) den phróiseas traidisiúnta athbhreithnithe.

| ***Lá 3*** | *Cruinnithe Bhloc 3 (1/2 lá)* | | |
|---|---|---|---|
| 09.00 am | GAP | Ardmholtaí agus moltaí an GAP a thabhairt chun críche (lena n-áirítear comhthéacs agus bunús). | Ar líne |
| 2.00pm | GAP, SC, BDC, Déan, Ceann agus foireann na Roinne/na hOifige | **Tuarascáil an GAP léite amach chuig** an Déan, CR, foireann na Roinne/na hOifige: ardmholtaí/moltaí barrthábhachtacha | Ar líne |
| | | **Tuarascáil tagtha chun críche** | As Líne |

# Próiseas um Athbhreithniú ar Cháilíocht do Ranna Acadúla

## Céim um Fheabhsú Cáilíochta

Athbhreithniú 2.4

Meán Fómhair 2022

# Clár

1 An Chéim um Fheabhsú Cáilíochta ........................................................................................ 2
1.1 An Plean Feabhsaithe Cáilíochta (PFC) a Fhorbairt ................................................................ 2
1.2 An Coiste Cáilíochta ................................................................................................................ 3
1.3 Moltaí a Chur i bhFeidhm go Leanúnach ................................................................................ 3
1.4 Clabhsúr a chur leis an bPlean Feabhsaithe Cáilíochta ........................................................... 3

# 1 An Chéim um Fheabhsú Cáilíochta

Tá na staideanna seo a leanas i gceist sa chéim iar-athbhreithnithe den phróiseas um athbhreithniú ar cháilíocht:

1. Na moltaí atá déanta ag an roinn i gcomhar le comhaltaí ábhartha den lucht ardbhainistíochta a mheas
2. Míreanna gnímh SIIRA (sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus amaithe) a aithint, míreanna atá riachtanach chun na moltaí a chur i bhfeidhm.
3. An Plean Feabhsaithe Cáilíochta (PFC) a chur le chéile agus a chomhaontú le comhaltaí ábhartha den lucht ardbhainistíochta
4. An PFC a thabhairt chuig an bhFoireann Feidhmiúcháin lena cheadú
5. An PFC a thabhairt chuig an gCoiste Cáilíochta lena plé agus chun trácht a thabhairt air
6. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar mholtaí agus na moltaí a chur i bhfeidhm
7. An PFC - Tuarascálacha Eatramhacha ar Dhul Chun Cinn (leathbhliantúil) a thabhairt don Choiste Cáilíochta lena plé agus chun trácht a thabhairt orthu.
8. An PFC - Tuarascáil Deiridh ar Dhul Chun Cinn a thabhairt don Choiste Cáilíochta chun í a shíniú agus chun í a thuairisciú chuig an Údarás Rialaithe ar aghaidh
9. Iarrtar cead ón Údarás Rialaithe chun Tuarascáil Deiridh an PFC ar Dhul Chun Cinn a fhoilsiú ar leathanach gréasáin na hOifige Cáilíochta

## 1.1 An Plean Feabhsaithe Cáilíochta (PFC) a Fhorbairt

Déantar moltaí an GAP agus na míreanna gnímh a tháinig dá bharr a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as *Teimpléad do Phlean Feabhsaithe Cáilíochta maidir le hAthbhreithniú ar Cháilíocht na Roinne Acadúla*, **QT-003.**

Is iad seo a leanas na céimeanna chun an Plean Feabhsaithe Cáilíochta (PFC) a fhorbairt:

a. Casann an Oifig Cáilíochta le Ceann na Roinne chun plé tosaigh a dhéanamh ar na moltaí, chun cinneadh a dhéanamh go háirithe faoi cén leibhéal ar cheart na moltaí a shannadh (leibhéal na roinne, na dáimhe nó na hinstitiúide).

b. Cuireann an roinn an PFC i gcrích do na moltaí atá rangaithe ag leibhéal na roinne tríd na gníomhartha/na bhfoghníomhartha riachtanacha a aithint, ceannasaithe a shannadh do na gníomhartha sin, agus spriocdhátaí cuí a shocrú.

c. Eagraítear san Oifig Cáilíochta cruinniú idir Ceann na Roinne agus an Déan chun an PFC a phlé maidir le moltaí nach dtagann faoi chúram na roinne. Ar an gcéad dul síos, cuirfear moltaí, atá ag teacht le cuspóirí tosaíochta laistigh den Phlean Bliantúil Oibriúcháin (PBO), leis an mír ghnímh ábhartha agus rachfar i dteagmháil le ceannasaí na míre gnímh sin chun cead a fháil mír ghnímh an PBO agus moladh an PFC a leagan amach. Uasdátófar an PBO agus an PFC araon chun an leagan amach sin a léiriú. Déanfar míreanna gnímh do mholtaí, nach bhfuil mar chuid den PBO ach atá coinnithe ag leibhéal na dáimhe, a aontú leis an Déan.

d. Déanfaidh an Stiúrthóir Cáilíochta moltaí, nach bhfuil rangaithe ag leibhéal na roinne nó na dáimhe agus moltaí nach féidir a bheith ag teacht leis an PBO, a phlé le comhalta ábhartha den lucht ardbhainistíochta agus déanfar an gníomh(gníomhartha) agus an ceannasaí atá de dhíth a shannadh chuig an PFC.

e. Nuair atá na moltaí uile pléite agus na míreanna gnímh uile aontaithe, iarrfaidh an Stiúrthóir Cáilíochta cead a fháil ón Déan chun an PFC a chur faoi bhráid na Foirne Feidhmiúcháin (FF) chun é a mheas.

f. Cuirtear an PFC faoi bhráid na Foirne Feidhmiúcháin chun é a mheas agus a cheadú. Sa chás go gcinneann an FF go bhfuil saincheisteanna ann ar gá tuilleadh plé a dhéanamh orthu, cuirfidh an Déan na saincheisteanna sin iúl don Stiúrthóir Cáilíochta agus do Cheann na Roinne.

g. Cuirfear an PFC isteach arís don FF agus tarlóidh sé sin i ndiaidh comhairliúcháin leis an gceannasaí ábhartha maidir leis an moladh/mír ghnímh ina bhfuil tuilleadh plé de dhíth.

## 1.2 An Coiste Cáilíochta

Cuirtear an Plean Feabhsaithe Cáilíochta (PFC) faoi bhráid an Choiste Cáilíochta chun tuairimí a thabhairt agus trácht a thabhairt air.

## 1.3 Moltaí a Chur i bhFeidhm go Leanúnach

Aistríonn an Oifig Cáilíochta Míreanna Gnímh an PFC chuig Bunachar Sonraí Rianaire an PFC. Rachaidh an Oifig Cháilíochta i gcomhairle le Ceann na Roinne (CR) agus le ceannasaithe ábhartha/ lucht ardbhainistíochta ar bhonn seimeastair chun stádas na míreanna gnímh a uasdátú. Cuireann an Oifig Cáilíochta Tuarascálacha Eatramhacha an PFC ar Dhul Chun Cinn ar fáil go leathbhliantúil (QT-019) agus cuirtear iad sin faoi bhráid an Choiste Cáilíochta chun tuairimí a thabhairt agus trácht a thabhairt orthu.

## 1.4 Clabhsúr a chur leis an bPlean Feabhsaithe Cáilíochta

Reáchtálfar cruinniú idir CR agus an Oifig Cáilíochta 18 mí i ndiaidh an PFC a chur i bhfeidhm leis an rún soiléir clabhsúr a chur leis an PFC. Ullmhóidh Ceann na Roinne i gcomhar leis an Oifig Cáilíochta Tuarascáil Deiridh an PFC ar Dhul Chun Cinn (QT-020) lena dtugtar eolas faoi stádas gach molta agus cuirtear an tuarascáil sin faoi bhráid na hOifige Cáilíochta. Beidh CR i láthair ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Cáilíochta chun an tuarascáil a phlé. Ní mór don Choiste Cáilíochta a dheimhniú dó féin go bhfuil an PFC curtha i bhfeidhm ag an Roinn chomh maith agus is féidir léi. Nuair a dheimhníonn an Coiste Cáilíochta é sin, síneoidh sé an PFC atá curtha i gcrích. Tuairiscíonn an Coiste Cáilíochta go bhfuil an PFC críochnaithe chuig an Údarás Rialaithe agus iarrtar cead ón údarás an tuarascáil a chur ar fáil don phobal trí láithreán gréasáin Oifig Cáilíochta Choláiste Mhuire gan Smál.

# Athbhreithniú ar Cháilíocht
# Tuarascáil Féinmheasúnaithe
# Ainm na Roinne

## Mí 20XX

*Leis an téacs sna boscaí, cuirtear treoir ar fáil maidir le hábhar na tuarascála deiridh agus ba cheart an téacs a bhaint amach sula dtugtar an tuarascáil chun críche*

# Caibidil 1: Misean

## Forléargas

Sa chaibidil seo, déantar cur síos ar an méid atá á bhaint amach i misean na roinne (i.e. aidhmeanna leathana oideachais na roinne). Cuir tagairt san áireamh faoi mar atá nasc á dhéanamh idir misean na roinne agus na nithe seo a leanas:

- Plean Straitéiseach Choláiste Mhuire gan Smál
- Riachtanais Oideachais
- Riachtanais na sochaí

Bheadh sé cuí na nithe seo a leanas a áireamh laistigh den chaibidil seo:

- **Forléargas tosaigh achomair ar Choláiste Mhuire gan Smál, ar mhisean an choláiste, ar phríomhstraitéisí agus ar struchtúir eagraíochta.**
- Forléargas tosaigh ar an roinn, lena n-áirítear 'páirtithe leasmhara' na roinne a aithint go soiléir, agus lena n-áirítear na daoine sin a gcuirtear seirbhísí/tacaíochtaí ar fáil dóibh agus daoine eile a bhfuil spéis acu sa roinn nó a bhfuil imní acu faoin roinn.

## Anailís

Príomhtháscairí ratha, i.e. ba cheart fianaise go bhfuil an misean á bhaint amach a chur san áireamh i ndáil le gach aidhm. Ar an ngnáthfhianaise, bheadh na nithe seo a leanas:

- **Taifead na n-iontrálacha (anailís 5 bliana): líon na mac léinn, riachtanais iontrála; dáileadh de réir na tíre dúchais agus an chontae dúchais, inscne, aois agus más cuí, míchumas agus mionlach eitneach**
- **Dáileadh rangúcháin céime**
- **Taifead fostaíochta**
- Gníomhaíocht for-rochtana
- Aiseolas ó fhostóirí

## Feabhsuithe atá Beartaithe

Déan achoimre ar phríomh-mhíreanna gnímh maidir le feabhsuithe atá beartaithe.

# Caibidil 2: Eagrú, Bainistiú agus Soláthar Foirne

## Forléargas

Sa chaibidil seo, déantar cur síos mar a eagraíonn an roinn í féin, mar a bhainistítear foireann, acmhainní agus gníomhaíochtaí na roinne agus mar a fheidhmíonn an roinn i gcomhréir le polasaithe agus córais bharrthábhachtacha Choláiste Mhuire gan Smál.

Bheadh sé cuí na nithe seo a leanas a áireamh laistigh den chaibidil seo:

- Sreabhchairt eagraíochta na roinne
- Saineolas agus taithí na foirne acadúla (lena n-áirítear próifílí, réimsí teagaisc, réimsí saineolais agus spéise taighde, gradaim theagaisc/thaighde, etc.)
- Saineolas agus taithí na foirne teicniúla agus riaracháin
- Forbairt ghairmiúil na foirne (lena n-áirítear ionduchtúchán, forbairt ghairmiúil leanúnach, meantóireacht etc.)
- Bainistiú oibríochta – freagrachtaí Cheann na Roinne agus na foirne/ an méid a bhfuil siad ag súil leis
- Córais chumarsáide agus chomhairliúcháin (e.g. láithreán gréasáin, tairseach, uirlisí suirbhé, etc.)
- Coistí agus cruinnithe (inmheánacha agus seachtracha)
- Gníomhaíochtaí pleanála straitéisí na Roinne

## Anailís

Measúnú iomlán ar an méid a bhaintear leas as eagrú, bainistiú, foireann agus saoráidí na roinne lena chinntiú go bhfeidhmíonn an roinn chomh maith agus is féidir

Réimsí atá le meas:

- Éifeachtacht struchtúr eagraíochta/sreabhchairt/línte tuairiscithe na roinne, lena n-áirítear measúnú ar an gcaoi a dtacaíonn struchtúir eagraíochta le struchtúir agus próisis um chinnteoireacht agus um bainistiú na roinne
- Bainistiú oibríochta agus an éifeachtacht atá leis, freagrachtaí cheann na roinne agus na foirne, go háirithe na daoine sin a bhfuil róil tacaíochta don bhainistiú acu (e.g., stiúrthóirí cláir, etc.).
- Acmhainneacht agus úsáid éifeachtach an bhuiséid oibríochta le bheith mar bhonn taca ag fís, misean agus feidhmiú na roinne
- Acmhainneacht leibhéil na foirne agus úsáid éifeachtach na foirne le bheith mar bhonn taca ag fís, misean agus feidhmiú na roinne
- Mar a dhéantar athbhreithniú sa roinn ar acmhainneacht na sraithe iomláine de cháipéisí treoirlínte agus polasaithe ag leibhéal na roinne
- Mar a dhéantar monatóireacht sa roinn agus athbhreithniú ar an gcumarsáid agus ar phróisis agus straitéisí comhairliúcháin agus mar a fheabhsaítear an méid sin (le mic léinn, páirtithe leasmhara agus na páirtithe uile a bhfuil suim acu)
- Mar a aithnítear agus a bhainistítear an riosca
- Mar a thacaíonn an Roinn le hoibriúchán Choláiste Mhuire gan Smál laistigh de Chairt Athena Swan.

## Feabhsuithe atá Beartaithe

Déan achoimre ar phríomh-mhíreanna gnímh maidir le feabhsuithe atá beartaithe.

# Caibidil 3: Dearadh, Ábhar agus Athbhreithniú an churaclaim

## Forléargas

Sa chaibidil seo, déantar cur síos mar a dhéantar curaclaim na roinne a dhearadh, a athbhreithniú agus a uasdátú chun na haidhmeanna atá luaite acu a chomhlíonadh. Sa chaibidil seo, ba cheart go gcuirfí béim ar phríomhchláir na roinne agus ar chláir ina mbíonn an roinn ag cur leo ach ní gá gur 'leis' an roinn na cláir (e.g., cláir idirdhisciplíneacha). Ba cheart go mbeadh cáipéisí maidir le creidiúnú cláir nó achoimre ar na cáipéisí sin san áireamh sa chaibidil, mar aguisíní go hiondúil.

Bheadh sé cuí na nithe seo a leanas a áireamh laistigh den chaibidil seo:

- **Achoimre ar na próisis atá i bhfeidhm do dhearadh agus do cheadú foirmiúil na gclár/na modúl**
- **Taifead ar cheaduithe na gclár/na modúl is déanaí, lena n-áirítear cuspóirí na gclár/na modúl agus na torthaí foghlama atá beartaithe**
- Oiriúnacht na gcuraclam do phróifílí na mac léinn iarchéime agus fochéime atá beartaithe, lena n-áirítear mic léinn aibí, mic léinn idirnáisiúnta, mic léinn ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht, etc.
- Mar a iarrtar ionchur ón bhfoireann, scrúdaitheoirí seachtracha, gníomhaireachtaí seachtracha, cleachtóirí, an tionscal, fostóirí, taighdeoirí agus mic léinn, de réir mar is cuí, agus mar a úsáidtear an t-ionchur sin chun oiriúnacht leanúnach na gcuraclam a chinntiú
- An tionchar atá ag saineolas taighde na foirne acadúla ar an gcuraclam
- Tagarmharcáil churaclaim in aghaidh institiúidí eile – náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Riachtanais na gcomhlachtaí gairmiúla agus an ról atá acu, más cuí
- Mar a dheartar cláir chun dul chun cinn réidh na mac léinn a chumasú agus deiseanna socrúcháin oibre atá leagtha amach go maith a chur san áireamh, más cuí
- Mar a úsáideann an roinn monatóireacht bhliantúil ar chláir agus athbhreithnithe tréimhsiúla ar chláir chun eolas a dhéanamh d'athrú/forbairt curaclaim

## Anailís

Measúnú iomlán ar éifeachtacht na bpróiseas thuas, mar atá i bhfeidhm/oibríochtaithe ag an roinn. Cuir fianaise san áireamh a léiríonn go bhfuil na próisis seo á gcur i bhfeidhm go córasach (trí cháipéisí eiseamláir maidir le hathbhreithniú ar chláir a chur isteach sna haguisíní, mar shampla)

## Feabhsuithe atá Beartaithe

Déan achoimre ar phríomh-mhíreanna gnímh maidir le feabhsuithe atá beartaithe.

# Caibidil 4: Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Aiseolas

## Forléargas

Ba cheart aghaidh a thabhairt sa chaibidil seo mar a chuirtear an curaclam ar fáil, mar a fhoghlaimíonn mic léinn agus mar a dhéantar measúnú ar an bhfoghlaim.

## Anailís

Measúnú iomlán ar an méid agus atá teagasc agus foghlaim na roinne ag teacht le Plean Straitéiseach agus Ráitis Polasaí um Fhoghlaim agus Teagasc Choláiste Mhuire gan Smál

Réimsí atá le meas:

- Cothromaíocht a fháil idir léachtaí, ranganna teagaisc, saotharlanna, tionscadail, gníomhaíochtaí grúpa. (D'fhéadfadh dáileadh uaireanta teagmhála dírí, am tionscadail, etc. a chur san áireamh.)
- Cúnamh ón bhfoireann, léachtóirí atá ar cuairt, cleachtóirí, taighdeoirí, etc.
- Mar a chuireann gníomhaíocht taighde na roinne leis an bpróiseas um fhoghlaim agus teagasc
- Scileanna teagaisc a fhorbairt don fhoireann acadúil nua agus pháirtaimseartha agus atá ann faoi láthair
- Aiseolas ó mhic léinn ar theagasc agus fianaise a léiríonn gur cuireadh deireadh leis an lúb aiseolais (e.g., athruithe déanta mar thoradh ar an aiseolas agus mar a chuirtear na hathruithe sin in iúl)
- Teicneolaíocht a úsáid - foghlaim chumaisc, foghlaim atá feabhsaithe leis an teicneolaíocht
- Na meáin agus na modheolaíochtaí teagaisc a chur in oiriúint chun riachtanais na mac léinn uile a chomhlíonadh (Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim)
- Treoir acadúil do mhic léinn
- Mar a thomhaistear sa mheasúnú gnóthachtáil na dtorthaí foghlama atá beartaithe. (Is fiú smaoineamh ar nósanna imeachta chun páipéir scrúdaithe a sheiceáil/a údarú, samplaí de mheasúnuithe, obair na mac léinn, aiseolas ón bhfoireann acadúil (e.g. scripteanna marcáilte), freagraí samplacha agus scéimeanna marcála a chur san áireamh (sna haguisíní).)
- Mar a fhoilsítear na critéir don mheasúnú agus don mharcáil roimh ré
- Cothromaíocht a fháil idir scrúduithe, measúnú leanúnach, tionscadail agus tascanna
- Aiseolas a chur ar fáil do mhic léinn ar an obair mheasúnaithe
- **Ról na scrúdaitheoirí seachtracha** (lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar thuarascálacha). Is féidir fíorthuarascálacha a chur isteach sna tuarascálacha
- **Feidhmíocht na mac léinn: rátaí dul chun cinn/coinneála, dáileadh gráid, staitisticí na ngradam deiridh**

## Feabhsuithe atá Beartaithe

Déan achoimre ar phríomh-mhíreanna gnímh maidir le feabhsuithe atá beartaithe.

# Caibidil 5: Taithí an Mhic Léinn

Clúdaítear sa chaibidil seo gach gné de thaithí an mhic léinn.

## Tacaíocht do Mhic Léinn

**Maidir le tacaíocht do mhic léinn, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas sa chaibidil seo:**

- **Na struchtúir thacaíochta do mhic léinn atá i bhfeidhm, go lárnach (rochtain, iontrálacha, na healaíona, an tséiplíneacht, comhairleoireacht, míchumas, sláinte, mic léinn aibí, riarachán acadúil do mhic léinn, spórt agus caitheamh aimsire, gairmthreoir)** agus go háitiúil araon.
- **Cláir ionduchtúcháin maidir le saol an choláiste** agus an roinn
- Córais le haghaidh treoir acadúil, lena n-áirítear  comhairleoirí agus úsáid an Ionaid Acadúil Foghlama
- Ról stiúrthóirí na gclár, ról na dteagascóirí bliana agus ról ionadaithe na mac léinn
- Mar a shásaítear riachtanais phobal éagsúil na mac léinn (e.g., mic léinn aibí, páirtaimseartha, idirnáisiúnta) agus riachtanais na mac léinn atá faoi mhíchumas
- Cé na córais atá i bhfeidhm ionas go mbeidh mic léinn in ann ionadaíocht a dhéanamh don roinn maidir le cúrsaí atá ina n-ábhair imní ginearálta do chuallacht na mac léinn?
- Mar atá mic léinn ar an eolas faoi na próisis tacaíochta atá ar fáil dóibh

| |
|---|
| Saoráidí<br>**Maidir le saoráidí, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas sa chaibidil seo:**<br>**Seomraí do léachtaí, ranganna teagaisc agus seimineáir:** Aghaidh a thabhairt ar mar atá na seomraí sin pleanáilte agus acmhainní curtha ar fáil iontu chun na riachtanais acadúla a shásamh. Réimsí a bhfuil aird de dhíth a aithint.<br>**Stiúideonna agus Saotharlanna:** Aghaidh a thabhairt ar mar atá na stiúideonna agus saotharlanna sin pleanáilte agus acmhainní curtha ar fáil iontu chun na riachtanais acadúla a shásamh. Áireofar orthu sin<br>▪ Achoimre ar an tSaoráid agus úsáid an trealaimh a bhaineann leis an gcuraclam<br>▪ Buiséad, pleananna don fhorbairt<br>▪ Sonraí maidir le tacaíocht theicniúil<br>▪ Saincheisteanna amhail oiliúint agus sábháilteacht |
| Leabharlann agus TFC<br>**Maidir leis an leabharlann agus TFC, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas sa chaibidil seo:**<br>▪ Aghaidh a thabhairt ar mar a oibríonn an Roinn leis an Leabharlann/TFC chun na téacsanna, tréimhseacháin agus tacaíocht TFC a chur le riachtanais an churaclaim agus leis an straitéis teagaisc ina iomláine. Áireofar orthu sin:<br>▪ **Anailís ar stoic agus ar úsáid na leabharlainne**<br>▪ **Polasaí a fháil agus a uasdátú do théacsanna agus d'irisleabhair**<br>▪ **Rochtain agus infhaighteacht ar an leabharlann/na críochfoirt do na mic léinn**<br>▪ **Líon na ríomhairí, aois agus leagan amach, na bogearraí atá ar fáil**<br>▪ **Na háiteanna do na ríomhairí pearsanta a bhainistiú, uaireanta an chloig oscailte agus cláir oiliúna**<br>▪ **Mic léinn a oiliúint agus a ionduchtú maidir le húsáid na leabharlainne agus TF** |
| Feabhsuithe atá Beartaithe<br>Déan achoimre ar phríomh-mhíreanna gnímh maidir le feabhsuithe atá beartaithe. |

## Caibidil 6: Gníomhaíocht Taighde

## Forléargas

Leagtar amach sa chaibidil seo mar a phleanáiltear an taighde sa roinn agus mar a dhéantar nasc idir an taighde agus cuspóirí an Choláiste. Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an gcaoi a dtomhaistear mar a d'éirigh le taighde na roinne agus le gníomhaíocht for-rochtana pobail.

Bheadh sé cuí na nithe seo a leanas a áireamh laistigh den chaibidil seo:

- Ráiteas polasaí taighde na roinne nó (mar aguisín) plean straitéiseach na roinne más infheidhme, agus ailíniú le straitéis taighde Choláiste Mhuire gan Smál
- Gníomhaíocht taighde na roinne, lena léirítear na baill foirne a bhí páirteach
- Líon na bhfoilseachán de réir chineál na bhfoilseachán
- **Líon na mac léinn taighde agus líon na gcéimeanna taighde a bronnadh de réir na catagóire**
- Foinsí maoinithe le haghaidh taighde

## Anailís

Measúnú ar fheidhmíocht nó tionchar taighde na roinne agus mar a scaiptear na gníomhaíochtaí taighde laistigh den roinn agus níos faide i gcéin araon

Réimsí atá le Meas

- Mar a thagarmharcáiltear sa roinn an taighde atá aici in aghaidh thaighde na gcomparadóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus mar a úsáidtear sa roinn na torthaí ó mheasúnaithe den sórt sin chun leanúint uirthi d'fheabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar thionchar
- Mar a chinntítear sa roinn go bhfuil ionracas agus cleachtas eiticiúil ann nuair atá taighde ar bun
- Na príomhdhúshláin atá roimh thaighdeoirí sa roinn agus mar a thugtar aghaidh ar na dúshláin sin

## Feabhsuithe atá Beartaithe

Déan achoimre ar phríomh-mhíreanna gnímh maidir le feabhsuithe atá beartaithe.

# Caibidil 7: Gníomhaíocht For-Rochtana Pobail

## Forléargas

Leagtar amach sa chaibidil seo mar a phleanáiltear gníomhaíocht for-rochtana pobail sa roinn agus mar a dhéantar nasc idir an ghníomhaíocht sin agus cuspóirí an Choláiste. Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an gcaoi a dtomhaistear mar a d'éirigh le gníomhaíocht for-rochtana pobail na roinne.

Bheadh sé cuí na nithe seo a leanas a áireamh laistigh den chaibidil seo:

- D'fhéadfadh cás-staidéar a chur san áireamh sna sonraí maidir le Gníomhaíocht For-Rochtana Pobail chun tionchar na gníomhaíochta for-rochtana a léiriú.
- Ionchur ó pháirtithe leasmhara (inmheánacha & seachtracha) maidir le tionchar na gníomhaíochta for-rochtana.

## Anailís

Tráchtaireacht ar ghníomhaíocht for-rochtana na roinne agus mar a thacaítear sna gníomhaíochtaí sin le misean na roinne agus an tionchar atá ag na gníomhaíochtaí sin ar an bpobal i gcoitinne.

## Feabhsuithe atá Beartaithe

Déan achoimre ar phríomh-mhíreanna gnímh maidir le feabhsuithe atá beartaithe.

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

# Athbhreithniú ar Cháilíocht
# Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú ar Phiaraí
# Ainm na Roinne

## Mí 20XX

# Ábhar

Réamhrá ..... 2

Breathnuithe an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí ..... 3

Caibidil 1: Fís, Misean, Straitéis agus Rialachas ..... 4

Caibidil 2: Eagrú, Bainistiú agus Soláthar Foirne ..... 5

Caibidil 3: Dearadh, Ábhar agus Athbhreithniú an churaclaim ..... 6

Caibidil 4: Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Aiseolas ..... 7

Caibidil 5: Taithí an Mhic Léinn ..... 8

Caibidil 6: Gníomhaíocht Taighde ..... 9

Caibidil 7: Gníomhaíocht For-Rochtana Pobail ..... 10

# Réamhrá

Is í an Oifig Cáilíochta a chuirfidh an réamhrá i gcrích agus beidh na codanna seo a leanas ann:

1. Cúlra (maidir le próiseas um athbhreithniú ar cháilíocht Choláiste Mhuire gan Smál)
2. An Roinn (cur síos gearr ar an roinn)

# Breathnuithe an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí

**Is é Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí a chomhlánaíonn an chuid seo.**

Bíonn an chuid seo leathanach amháin nó dhá leathanach ar fad go hiondúil agus cuirtear deis ar fáil don Ghrúpa Athbhreithnithe ar Phiaraí chun tuairisciú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

1. An méid inar ghlac an roinn páirt go díograiseach, go hionraic agus go héifeachtach sa chleachtadh féinmheasúnaithe
2. Oscailteacht na Roinne le linn na cuairte
3. Cáilíocht na Tuarascála Féinmheasúnaithe (TF)
4. Aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir leis an roinn agus an méid agus atá an roinn ag comhlíonadh riachtanais na bpáirtithe leasmhara

# Caibidil 1: Fís, Misean, Straitéis agus Rialachas

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

# Caibidil 2: Eagrú, Bainistiú agus Soláthar Foirne

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

# Caibidil 3: Dearadh, Ábhar agus Athbhreithniú an churaclaim

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

# Caibidil 4: Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Aiseolas

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

# Caibidil 5: Taithí an Mhic Léinn

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

# Caibidil 6: Gníomhaíocht Taighde

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 6.1.1 | |
| 6.1.2 | |
| 6.1.3 | |
| 6.1.4 | |
| 6.1.5 | |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | |
|---|---|
| 6.2.1 | |
| 6.2.2 | |
| 6.2.3 | |
| 6.2.4 | |
| 6.2.5 | |

# Caibidil 7: Gníomhaíocht For-Rochtana Pobail

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 6.1.1 | |
| 6.1.2 | |
| 6.1.3 | |
| 6.1.4 | |
| 6.1.5 | |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | |
|---|---|
| 6.2.1 | |
| 6.2.2 | |
| 6.2.3 | |
| 6.2.4 | |
| 6.2.5 | |

| Mír Ghnímh / Action Item | Tagairt TAP / PRR Reference | Tagairt TF / SAR Reference | Tagairt PS / SP Reference | Tagairt PBO / AOP Reference | Moladh / Recommendation | Leibhéal / Level | Gníomh / Action | Leithdháilte Do / Allocated To | Stádas / Spriocdháta / Status / Target Date |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

**Gluais**

| | |
|---|---|
| LUGA | Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla |
| SC | An Stiúrthóir Cáilíochta |
| BDC | Bainisteoir um Dhearbhú Cáilíochta |
| OC | An Oifig Cáilíochta |
| FF | Foireann Feidhmiúcháin - Coiste Bainistíochta Choláiste Mhuire gan Smál |
| TAP | Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú ar Phiaraí |
| TF | Tuarascáil Féinmheasúnaithe |
| PS | Plean Straitéiseach |
| PBO | Plean Bliantúil Oibriúcháin |

**Glossary**

| | |
|---|---|
| VPAA | Vice-President Academic Affairs |
| DoQ | Director of Quality |
| QAM | Quality Assurance Manager |
| QO | Quality Office |
| ET | Executive Team - MIC Management Committee |
| PRR | Peer Review Report |
| SAR | Self Assessment Report |
| SP | Strategic Plan |
| AOP | Annual Operating Plan |